# INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
# SCRÚDÚ ATRIALACH FAOI THEASTAIS GHAEILGE, FÓMHAR, 2023

---

## SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE

---

**Triail Chluastuisceana– 100 MARC**

---

**Thart ar 50 nóiméad don triail seo. <u>Gach</u> ceist a fhreagairt as gach Roinn.**

---

Líon na boscaí seo, le do thoil:-

| Uimhir Scrúdaithe | Uimhir PPS | Uimhir Oide |
|---|---|---|
| | | |

## <u>ROINN A: FÓGRAÍ</u>

Seinnfear trí fhógra sa Roinn seo. Seinnfear gach fógra díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### <u>FÓGRA I</u>

1. Cá mbíonn na hoícheanta rialta grinn ar siúl?

___

2. Céard a bheidh ar siúl ar an Oíche Chultúir?

___

3. Cén t-ábhar a bhíonn ag Louisa Ní Éideáin ina cuid amhrán?

___

4. Cén lá den tseachtain a bheidh an Oíche Chultúir ar siúl?

___

5. Céard é an spriocdháta chun clárú don Oíche Chultúir?

___

**FÓGRA II**

1. Cén téama a bheidh á phlé ag múinteoirí ina gcuid ceachtanna go luath?

---

2. Cá bhfuil na hacmhainní ar fáil?

---

3. Cá bhfuil na gníomhaíochtaí d'Oíche Shamhna mínithe ag Gaeloideachas?

---

4. Cé na ranganna a mbeadh na gníomhaíochtaí d'Oíche Shamhna oiriúnach dóibh?

---

5. Céard atá le déanamh chun crua-chóip den phacáiste a fháil?

---

**FÓGRA III**

1. Cathain a bunaíodh *Oideas Gael*?

---

2. Cá bhfuil *Oideas Gael* lonnaithe?

---

3. Cén t-aitheantas atá tugtha ag an Roinn Oideachais do chúrsaí *Oideas Gael*?

---

4. Cén cúrsa nua a bheidh ar fáil an bhliain seo chugainn?

---

5. Céard faoi a bhfoghlaimeoidh na rannpháirtithe ar an gcúrsa nua?

---

## ROINN B: COMHRÁITE

Seinnfear trí chomhrá sa Roinn seo. Seinnfear gach comhrá díobh faoi thrí. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

### COMHRÁ I

1. Cén grúpa a thugann airgead do *An Scéim Oidhreachta sna Scoileanna*?

___

2. Conas a dhéanann múinteoirí teagmháil le saineolaí?

___

3. Cá bhfuil scoil Sheáin suite?

___

4. Conas a thaistil na páistí ó scoil Sheáin chuig na sléibhte?

___

5. Cár ith na páistí ó scoil Sheáin lón ar a dturas scoile?

___

**Ar lean →**

## COMHRÁ II

1. Cén contae ina bhfuil na Gaeil Óga lonnaithe?

2. Cathain a thosaigh Éanna ag imirt leis na Gaeil Óga?

3. Lasmuigh den pheil, céard eile a mheall Éanna chuig na Gaeil Óga?

4. Cá mbíonn na seisiúin thraenála ar siúl?

5. Lasmuigh de bheith ag imirt, cén deis eile a bhíonn ann do mhúinteoirí sa chlub?

## COMHRÁ III

1. Cén post atá ag Gráinne?

2. Conas atá na leabhair do pháistí bunscoile eagraithe in *An Siopa Leabhar*?

3. Cathain a bheidh Ciarán i mBaile Átha Cliath?

4. Céard a bhíonn ar fáil do scoileanna a ordaíonn os cionn caoga leabhar ar líne?

5. Cén saghas leabhair atá á lorg ag Ciarán?

# ROINN C: MÍREANNA NUACHTA

Seinnfear trí mhír nuachta sa Roinn seo. Seinnfear gach mír díobh faoi dhó. Tabharfar sosanna duit le haghaidh scríobh na bhfreagraí tar éis gach éisteachta.

## MÍR NUACHTA I

1. Cá fhad atá Gaelscoil an Chuilinn ar oscailt?

2. Cén gléas súgartha a cuireadh ar fáil do na páistí?

3. Cé mhéad páiste a bhí ar an rolla nuair a osclaíodh an scoil?

4. Cathain a osclaíodh an foirgneamh nua?

5. Cén post atá ag Jack Chambers?

**Ar Lean →**

## MÍR NUACHTA II

1. Cathain a d'éag Joe Steve Ó Neachtain?

2. Cá raibh 'Éigse Joe Steve' ar siúl?

3. Céard a bhí ar siúl oíche Dé hAoine?

4. Cén post a bhíodh ag Tomás Mac Con Iomaire?

5. Cár chaith Joe Steve Ó Neachtain an chuid is mó dá shaol?

## MÍR NUACHTA III

1. Cár seoladh an tuarascáil?

2. Cén ról a bhí ag an Dr Laoise Ní Thuairisg sa taighde?

3. Céard atá curtha ar fáil ag deireadh na tuarascála?

4. Cén ról atá ag Sorcha Ní Chéilleachair le Tuismitheoirí na Gaeltachta?

5. Cén ghné den tuarascáil is mó a rachaidh i bhfeidhm ar dhaoine, dar le Sorcha Ní Chéilleachair?